Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021
(OR. en)

9052/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0353(COD)**

ENV 333
ENT 91
MI 380
IND 155
ENER 249
CODEC 748

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13944/20 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

Ag féachaint don chruinniú atá le bheith ag na hAirí Comhshaoil an 10 Meitheamh 2021, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo tuarascáil ar dhul chun cinn a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020**

**Tuarascáil ar dhul chun cinn**

**An Chomhairle Comhshaoil, an 10 Meitheamh 2021**

## I. RÉAMHRÁ

An 10 Nollaig 2020, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialacháin maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, d'fhonn é chur in ionad na Treorach maidir le Ceallraí atá ann faoi láthair. Is é is aidhm don togra creat reachtach an Aontais le haghaidh ceallraí a nuachóiriú, i gcomhthéacs an éilimh mhéadaithe ar fhorbairt agus ar tháirgeadh ceallraí.

Is ar Airteagal 114 CFAE atá an togra ón gCoimisiún bunaithe.

Aithníonn an Coimisiún gur príomhchuspóirí an togra iad: feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a neartú; geilleagar ciorclach a chur chun cinn; agus na tionchair chomhshaoil agus shóisialta a laghdú i gcaitheamh na gcéimeanna uile de shaolré ceallraí.

Is dlúthchuid de spriocanna insolárthartha an Mhargaidh Ghlas Eorpaigh é agus cuireann sé le tionscnaimh an Choimisiúin amhail an Plean um Ghníomhaíocht Straitéiseach maidir le Ceallraí, an Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach, an Straitéis Eorpach nua maidir le Tionsclaíocht agus an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe. Tá an togra ag teacht leis an meastóireacht ar an Treoir maidir le Ceallraí atá ann faoi láthair, a foilsíodh in Aibreán 2019. Chun na críche sin, molann an Coimisiún aon Rialachán amháin lena gcumhdófar saolré iomlán na gceallraí, ina leagtar amach an méid seo a leanas:

- ceanglais maidir le hinbhuanaitheacht agus sábháilteacht, amhail rialacha maidir leis an lorg carbóin, cion athchúrsáilte íosta, critéir feidhmíochta agus marthanachta, agus paraiméadair shábháilteachta;
- ceanglais maidir le lipéadú agus faisnéis, amhail faisnéis maidir le hinbhuanaitheacht agus sonraí maidir le staid sláinte agus saolré ionchasach an cheallra a stóráil;

- Forálacha maidir le bainistiú deireadh ré, amhail ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeora, spriocanna i dtaobh bailiú ceallraí dramhaíola agus a eagrú, éifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar;
- oibleagáidí na n-oibreoirí eacnamaíocha maidir le ceanglais táirgí agus scéimeanna díchill chuí a fhorfheidhmiú;
- córas leictreonach chun faisnéis a mhalartú agus chun pas ceallraí a chruthú;
- Soláthar poiblí glas sainordaithe;
- forálacha eile a bhfuil sé d'aidhm acu forfheidhmiú, rialacha maidir le measúnú comhréireachta, fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, faireachas margaidh agus ionstraimí eacnamaíocha a éascú.

Tá 79 Airteagal agus 14 Iarscríbhinn sa Rialachán atá beartaithe agus foráiltear ann do bhreis agus 30 gníomh reachtaíochta tánaistí.

I bParlaimint na hEorpa, tar éis cinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 29 Aibreán 2021, is é an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), i dteannta an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) agus an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) ina gcoistí comhlachaithe, i gcomhréir le Riail 57 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, agus tuairim á tabhairt ag an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN). Meastar go vótálfaidh Parlaimint na hEorpa ar an seasamh uaithi ag seisiún iomlánach mhí Feabhra 2022.

Sna conclúidí uaithi an 17 Nollaig 2020[1] maidir le bheith ag féachaint le téarnamh ciorclach glas, ba dhíol sásaimh don Chomhairle 'an togra ón gCoimisiún maidir le creat rialála nua le haghaidh ceallraí leis an aidhm slabhra luacha le haghaidh ceallraí atá sábháilte, ciorclach agus inbhuaine á áirithiú i ndáil le gach ceallra agus lena dtabharfar isteach bearta le haghaidh coinneáil agus barrfheabhsú luacha ó chéim an deartha agus an táirgthe go dtí úsáid agus athúsáid, athdhéantúsaíocht agus leis an aidhm úsáid ceallraí in-athluchtaithe a dhreasú, i gcás inarb ábhartha'.

[1] 14167/2020

## II. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

Tá an togra á scrúdú sa Mheitheal um an gComhshaol (WPE). Cuireadh i láthair é faoi Uachtaránacht na Gearmáine, ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil na Meithle um an gComhshaol ar an 14 Nollaig 2020. Chuir an Coimisiún a thogra i láthair don Chomhairle Comhshaoil an 17 Nollaig 2020.

Go dtí seo, le linn Uachtaránacht na Portaingéile, díríodh ar an togra ag 19 bhfíschomhdháil de chuid na Meithle um an gComhshaol. Cuireadh i láthair na Meithle um Iomaíochas agus Fás (Tionscal) é an 13 Eanáir 2021.

Cuireadh an Measúnú Tionchair i láthair an Choimisiúin agus pléadh é ag físchomhdháil na Meithle um an gComhshaol an 7-8 Eanáir 2021. An tráth úd, cuireadh tús leis an anailís ar an togra le Caibidil II maidir le ceanglais inbhuanaitheachta agus sábháilteachta (Airteagal 6 go hAirteagal 12, Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn V agus sainmhínithe ábhartha) ar leanadh dá bplé ag cruinniú an 18-19 Eanáir 2021, agus le hAirteagal 71 maidir leis an nós imeachta chun srianta ar shubstaintí guaiseacha a leasú, mar gheall ar a ábhartha atá siad don chaibidil.

Tugadh aghaidh chomh maith ar Chaibidil III i ndáil le ceanglais maidir le lipéadú agus faisnéis (Airteagail 13 agus 14 agus Iarscríbhinní VI agus VII agus sainmhínithe ábhartha) an 19 Eanáir 2021.

Rinne an Mheitheal um an gComhshaol anailís ar Chaibidil VII maidir le bainistiú deiridh ré ceallraí (Airteagal 46 go hAirteagal 63, Iarscríbhinn XI, Iarscríbhinn XII agus sainmhínithe ábhartha) ag na cruinnithe a bhí ann an 2, 12, 15 agus 19 Feabhra 2021.

An 2 Feabhra 2021, chuir an Coimisiún an Mheitheal um an gComhshaol ar an eolas faoin obair leanúnach atá á déanamh ar Rialachán Teicniúil Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le marthanacht ceallraí infheithicle.

Pléadh na forálacha maidir le dícheall cuí an tslabhra soláthair (Airteagail 39 agus 72 agus Iarscríbhinn X) an 19 Feabhra agus an 1 Márta 2021.

An 1 Márta 2021, thug an Mheitheal um an gComhshaol aghaidh ar bhunús dlí an togra agus ar thairseach acmhainne 2KWh do na ceanglais is infheidhme maidir le ceallraí feithiclí leictreacha agus ceallraí tionsclaíocha in-athluchtaithe trí stóráil inmheánach, bunaithe ar neamhpháipéir arna soláthar ag an gCoimisiún. Pléadh soláthar poiblí glas (Airteagal 70) chomh maith.

An 15 Márta 2021, thug an mheitheal um an gComhshaol aghaidh ar Chaibidil VIII maidir le malartú leictreonach faisnéise (Airteagail 64 agus 65 agus Iarscríbhinn XIII).

Pléadh Caibidil IV maidir le Comhréireacht ceallraí (Airteagail 15 go 20 agus Iarscríbhinní VIII agus IX) agus Caibidil V maidir le Fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta (Airteagail 21 go 37) agus sainmhínithe ábhartha an 22 Márta 2021.

Ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Márta 2021, mheas an Mheitheal um an gComhshaol Caibidil VI maidir le Oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha seachas na hoibleagáidí i gCaibidil VII (Airteagail 38 go 45, cé is moite d'Airteagal 39 a pléadh roimhe seo), Caibidil IX maidir le faireachas margaidh an Aontais, rialú ceallraí a thagann isteach i margadh an Aontais agus nósanna imeachta cosanta an Aontais (Airteagail 66 go 69) agus Caibidil XII maidir le Leasuithe (Airteagal 75).

An 13 Aibreán 2021, thug an Mheitheal um an gComhshaol an chéad léamh ar na hAirteagail chun críche trí aghaidh a thabhairt ar Chaibidil I maidir le forálacha ginearálta (Airteagail 1 go 5) agus Caibidil XIII maidir le forálacha críochnaitheacha (Airteagail 76 go 79).

Mheas an Uachtaránacht go mbeadh sé róluath aghaidh a thabhairt ar na haithrisí sula ndearnadh plé ar thograí maidir leis na hAirteagail.

Ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil na nAirí Comhshaoil an 18 Márta 2021, bhí díospóireacht bheartais ann maidir leis an Rialachán atá beartaithe arb é is aidhm dó treoir pholaitiúil a fháil maidir leis an mbealach chun cinn le haghaidh na caibidlíochta. Díríodh sa díospóireacht ar bhunús dlí agus raon feidhme an togra, ar na ceanglais inbhuanaitheachta agus sábháilteachta, ar fhorálacha maidir le dícheall cuí sa slabhra soláthair agus ar bhainistiú dheireadh a ré.

Ó tugadh an chéad léamh ar na hAirteagail chun críche, tá tuilleadh plé déanta faoi threoir neamhpháipéir na hUachtaránachta ina léirítear an treoir pholaitiúil arna sholáthar ag na hAirí, an plé a rinneadh go dtí seo agus tuairimí comhlántacha breise i scríbhinn ó na Ballstáit. Ina páipéir leathoifigiúla, bhí sé d'aidhm ag an Uachtaránacht achoimre a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna a tharraing na Ballstáit anuas, tograí malartacha a thíolacadh i gcás inarb iomchuí ag céim an phlé agus ceisteanna a shainaithint maidir le saincheisteanna a bhfuil gá le haiseolas breise ó na Ballstáit ina leith. Dá bhrí sin, iarradh ar na Ballstáit freagra a thabhairt ar na tograí a rinneadh agus/nó tograí nithiúla a chur i láthair maidir leis na saincheisteanna a sainaithníodh sna páipéir neamhpháipéir agus maidir le saincheisteanna eile a mheasfaidís a bheith riachtanach chun aghaidh a thabhairt orthu.

Roghnaigh an Uachtaránacht díriú ar Chaibidil II maidir le hinbhuanaitheacht agus ceanglais sábháilteachta agus ar Chaibidil VII maidir le bainistiú deiridh ré ceallraí, toisc gur iontu siúd atá príomhfhorálacha an togra Rialacháin.

Bhí dhá chruinniú den Mheitheal um an gComhshaol dírithe ar an bpáipéar leathoifigiúil ón Uachtaránacht maidir le Caibidil II[2] (an 20 agus an 21 Aibreán 2021). An 21 Aibreán 2021, thug an Mheitheal um an gComhshaol aghaidh freisin ar chur chuige trasghearrtha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le ceallraí modhanna éadroma iompair.

Pléadh an páipéar leathoifigiúil ón Uachtaránacht maidir le Caibidil VII[3] ag cúig chruinniú den Mheitheal um an gComhshaol (an 27 agus an 28 Aibreán, an 6, an 11 agus an 20 Bealtaine 2021).

Ag an gcruinniú a bhí aici an 26 Bealtaine 2021, rinne an Mheitheal um an gComhshaol tuilleadh plé ar Chaibidil VII, le cur i láthair ón gCoimisiún maidir leis na naisc idir Airteagal 8A den Treoir Réime Dramhaíola agus na forálacha atá beartaithe maidir le Freagracht Leathnaithe Táirgeora faoin Rialachán atá beartaithe. Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht filleadh ar an ábhar sin i mí an Mheithimh, chomh maith le plé a dhéanamh ar athrú cuspóra agus athmhonarú ceallraí, chun aiseolas nithiúil a fháil ó na Ballstáit maidir leis na bealaí chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann. I mí an Mheithimh freisin, táthar ag súil go gcuirfidh an Coimisiún staidéar an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ar cheallraí modhanna éadroma iompair faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol agus féadfaidh Seirbhís Dlí na Comhairle a tuairim a thíolacadh maidir le bunús dlí an togra.

Mar aon leis na cuir i láthair fairsinge a rinneadh sa Mheitheal um an gComhshaol, chuir an Coimisiún páipéir leathoifigiúla i láthair maidir leis "an bunús dlí, rogha na hionstraime dlí agus lamháil inlíochta do na Ballstáit sa reachtaíocht nua maidir le ceallraí"[4] agus maidir le "tairseach toillte 2kWh"[5]. Chuir an Coimisiún "tábla comhghaoil de cheanglais na Freagrachta Leathnaithe Táirgeora in Airteagal 8a d'oibleagáidí na Treorach Réime Dramhaíola agus na Freagrachta Leathnaithe Táirgeora faoin Treoir maidir le Ceallraí agus an Togra le haghaidh Rialachán maidir le Ceallraí"[6] ar fáil freisin , agus táthar ag súil go roinnfidh sé páipéar leathoifigiúil maidir le hathrú cuspóra agus athmhonarú ceallraí i bhfianaise an phlé ag an Meitheal um an gComhshaol i mí an Mheithimh.

Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe curtha in iúl ag na Ballstáit maidir leis an togra go léir nó maidir le codanna de agus chuir siad i dtábhacht an gá atá ann a seasaimh a chomhordú idir eintitis éagsúla atá freagrach as na hábhair a rialaítear leis an togra. D'iarr na Ballstáit freisin tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir le bunús dlí an togra.

---

[2] 4964/2021
[3] 5372/2021
4 635/2021 REV 1
[5] 2440/2021
[6] 6858/2021

Le linn an phlé, d'fhéach an Uachtaránacht leis an deis a thabhairt do na Ballstáit soiléiriú mionsonraithe a fháil ón gCoimisiún maidir le fairsinge iomlán an togra, mar gheall ar chastacht theicniúil, nádúr nuálach agus raon feidhme leathan an togra. A bhuí leis an anailís chúramach a rinneadh ar an togra le linn cruinnithe seachtainiúla agus leis na barúlacha leantacha a chuir na Ballstáit isteach, bhíothas in ann na príomh-shaincheisteanna is ábhar imní a shainaithint i ngach caibidil den Rialachán atá beartaithe. Ina theannta sin, mar thoradh ar an bplé mionsonraithe breise ar Chaibidil II i ndáil leis na ceanglais maidir le hinbhuaine agus le sábháilteacht agus ar Chaibidil VII maidir le ceallraí i ndeireadh a ré a bhainistiú, sainaithníodh saincheisteanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu agus bealaí féideartha chun cinn.

## III. ÁBHAR AN PHLÉ A BHÍ ANN

Le linn fhíschomhdháil neamhfhoirmiúil na nAirí Comhshaoil an 18 Márta 2021, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an togra le haghaidh Rialacháin maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola. Chuir na hairí chun suntais nádúr nuálach, uaillmhianach an togra agus a thábhachtaí atá sé go mbeadh creat dlíthiúil maidir le ceallraí ag an Aontas a sheasfaidh an aimsir, ionas gur féidir cuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach, agus inbhuaine na gceallraí á háirithiú ag an am céanna ar feadh a saolré.

Agus é á chur chun suntais acu a thábhachtaí atá sé margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a bheith ann do cheallraí, chuir na hAirí in iúl gur spéis leo féachaint an bhféadfaí bunús dlí dúbailte a bheith ann (an margadh inmheánach agus an comhshaol), agus na cuspóirí comhshaoil a shaothraítear leis an Rialachán atá beartaithe á gcur san áireamh.

Maidir le raon feidhme an togra, d'iarr roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí réamh-mheas ar sprioc bhailithe a shocrú do cheallraí modhanna éadroma iompair. I ndáil leis na ceanglais maidir le hinbhuaine agus sábháilteachta agus na forálacha maidir le dícheall cuí, cé go n-aithníonn siad a thábhachtaí atá siad, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu maidir leis an tráthúlacht agus na modheolaíochtaí a mhol an Coimisiún agus maidir leis an ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann. Maidir le bainistiú ceallraí a bhfuil a ré caite, cheistigh roinnt toscaireachtaí a indéanta atá sé na spriocanna a bhaint amach laistigh den amchlár a beartaíodh.

Leis an bplé a rinneadh ag an Meitheal um an gComhshaol, bhíothas in ann anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar an togra agus roinnt saincheisteanna a shainaithint ar gá aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn cur chuige ginearálta a ghlacadh. **Chuir an Uachtaránacht chun suntais go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis na saincheisteanna seo a leanas, gan dochar do phointí eile ar díol spéise iad de chineál níos teicniúla ná d'ionchur breise ó Bhallstáit aonair:**

**Bunús dlí**

Cheistigh roinnt mhaith Ballstát an bunús aonair dlí a roghnaigh an Coimisiún maidir le hAirteagal 114 CFAE agus d'iarr siad tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir leis an ábhar sin. Chuir na Ballstáit in iúl gur spéis leo féachaint an bhféadfaí bunús dlí dúbailte a bheith ann tríAirteagal 192 CFAE a chur isteach, ós rud é gur mheas siad go bhfuil ábhair imní maidir leis an gcomhshaol ag croílár an togra freisin. Ceistíodh an tagairt d'Airteagal 114 CFAE go háirithe i ndáil le caibidil VII maidir le bainistiú ceallraí a bhfuil a ré caite. Cuireadh chun suntais go bhfuil an Treoir reatha maidir le Ceallraí bunaithe ar bhunús dlí dúbailte, leis na hairteagail choibhéiseacha le 192 agus 114 CFAE.

**Forálacha ginearálta (Caibidil I)**

Maidir leis na **Sainmhínithe (Airteagal 2)**, d'iarr na Ballstáit go ndéanfaí iad a chur i gcomhréir leis na sainmhínithe a úsáideadh sa reachtaíocht ábhartha atá ann cheana, a mhéid is féidir. Cheistigh roinnt Ballstát an réasúnaíocht ba bhun leis an tairseach íosta 5 kg a shainaithint sa sainmhíniú ar cheallraí inaistrithe. Chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad leis na hathruithe a mhol an Uachtaránacht ar na sainmhínithe seo a leanas: ceallra le stóras inmheánach (6); substaintí guaiseacha (41); tairgeoir (37); eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí (39); athchúrsálaí (46); 'leibhéal athchúrsála' a scriosadh (48); 'ionadaí údaraithe' ar leithligh (53) a bheith aige a mhéid a bhaineann é le Caibidil VII. Ina theannta sin, mheas na Ballstáit gur ghá sainmhíniú a thabhairt isteach ar 'athmhonarú'.

D' iarr roinnt Ballstát go ndéanfaí an spriocdháta a shíneadh chun fógra a thabhairt don Choimisiún faoin **Údarás Inniúil** (Airteagal 5).

I bhfianaise a leithne atá sí, ceistíodh **tairseach acmhainne 2KWh** maidir leis na ceanglais is infheidhme maidir le ceallraí leictreacha feithiclí agus ceallraí tionsclaíocha in-athluchtaithe a bhfuil stóras inmheánach acu. Thíolaic an Coimisiún páipéar leathoifigiúil[7] lena dtugtar údar maith leis an gcinneadh bunaithe ar an anailís chostais/sochair a chuirtear i láthair sa mheasúnú tionchair.

[7] 2440/2021

Maidir leis an gcur chuige i leith **ceallraí modhanna éadroma iompair**, d'iarr an Uachtaránacht ar na Ballstáit an mbeadh fiúntas ag baint le tagairt do na catagóirí feithiclí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 168/2013; Mheas na Ballstáit, áfach, nach bhféadfaí gach catagóir de cheallraí modhanna éadroma iompair a chumhdach le cur chuige den sórt sin. Tá sé tuairiscithe ag an gCoimisiún gur iarr sé ar an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) tuarascáil a ullmhú maidir le ceallraí modhanna éadroma iompair. Le tuarascáil JRC, táthar ag súil go mbeifear in ann catagóir nua ceallraí "idir eatarthu" a thabhairt isteach le haghaidh modhanna éadroma iompair, chomh maith le hacmhainneacht agus tairseacha meáchain níos eolaí idir ceallraí inaistrithe agus ceallraí LMT agus idir ceallraí LMT agus ceallraí EV. Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh machnaimh ar an ábhar nuair a chuirfear an doiciméad faoi bhráid na Meithle um an gComhshaoil.

**Ceanglais maidir le hinbhuaine agus sábháilteacht (Caibidil II agus Airteagal 71)**

Cheistigh na Ballstáit an gá atá le forálacha sonracha nua maidir le **srianta ar shubstaintí guaiseacha i ndáil le ceallraí (Airteagal 6, Iarscríbhinn I agus Airteagal 71)**, agus an breisluach a bhaineann leo, agus na nósanna imeachta atá ann cheana faoi Rialachán REACH á gcur san áireamh acu. Chuir na Ballstáit a n-ábhar imní in iúl faoi dhúbláil a dhéanamh ar an reachtaíocht agus ar na struchtúir atá ann cheana. Dhiúltaigh na Ballstáit freisin nach bhféadfaí tús a chur leis an nós imeachta dá bhforáiltear faoi Airteagal 71, rud nach ionann dá bhrí sin agus an nós imeachta a bunaíodh faoi Rialachán REACH. Luadh freisin an tábhacht a bhaineann le saineolaithe dramhaíola a bheith rannpháirteach. Ceistíodh freisin leas a bhaint as gníomh tarmligthe chun na srianta in Iarscríbhinn I a leasú. Níor mheas na Ballstáit gur leor Airteagal nua a thabhairt isteach chun dul i gcomhairle leis an gCoiste Dramhaíola sula n-iarrfaidh an Coimisiún ar ECHA sainchomhad a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 71. Ina ionad sin, léirigh na Ballstáit gur spéis leo féachaint an bhféadfaí Airteagal 71 a scriosadh agus tagairt a dhéanamh don nós imeachta bunaithe maidir le srianadh chun srianta ar shubstaintí guaiseacha a leasú i Rialachán REACH.

Thug an Coimisiún údar leis an ngá atá le forálacha sonracha a chur isteach faoin Rialachán maidir le Ceallraí toisc nach gcumhdaítear dramhaíl le Rialachán REACH, mar aon le sainiúlachtaí na gceallraí agus líon teoranta na substaintí atá i gceist. Chosain sí freisin an gá atá le nós imeachta láidir, gasta chun srianta ar shubstaintí guaiseacha a leasú, agus chuir sí in iúl go rachfaí i gcomhairle leis na Ballstáit, saineolaithe dramhaíola go sonrach, sula nglacfaí an gníomh tarmligthe, mar a léirítear in Airteagal 73(4).

Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl faoi na **ceanglais maidir le lorg carbóin (Airteagal 7, Iarscríbhinn II)** agus faoin amchlár beartaithe. Cé gur chuir roinnt Ballstát in iúl gur thacaigh siad leis an gcur chuige a mhol an Coimisiún, chuir roinnt eile an imní atá orthu in iúl maidir leis na tionchair ar an tionscal agus go bhfuil siad i bhfabhar tréimhsí níos faide chun dul in oiriúint do na ceanglais sin, agus ar an gcaoi sin dóthain ama a chur ar fáil tar éis ghlacadh na modheolaíochta ríomha.

Maidir le h**ábhar athchúrsáilte (Airteagal 8)**, bhreithnigh na Ballstáit go mbeadh sé deacair tionchar agus indéantacht na spriocanna íosta a leagtar síos maidir le cóbalt, luaidhe, litiam nó nicil aisghafa a mheas sula nglacfaidís modheolaíocht chun iad a ríomh agus a fhíorú, i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le hinfhaighteacht méideanna leordhóthanacha de na hábhair athchúrsáilte. Mhínigh an Coimisiún an cur chuige céim ar chéim atá beartaithe agus an fhéidearthacht na spriocanna a athbhreithniú trí reachtaíocht thánaisteach chun an féilire atá beartaithe a choinneáil agus ar an gcaoi sin cinnteacht margaidh a chur ar fáil. Bhí roinnt Ballstát i bhfách le tréimhsí níos faide chun dul in oiriúint do na ceanglais agus ualach riaracháin a n-iarratais a laghdú. Mhol roinnt Ballstát córas lúb iata a thabhairt isteach don ábhar athchúrsáilte agus chuir Ballstáit eile forchoimeádais in iúl mar gheall ar na himpleachtaí a bheadh aige sin maidir le hindéantacht ghnóthú na spriocanna beartaithe.

Bhí tacaíocht ghinearálta ann go mbunófaí **ceanglais feidhmíochta agus mharthanachta do cheallraí iniompartha (Airteagal 9 agus Iarscríbhinn III)**, ach cuireadh tuairimí éagsúla in iúl faoin am a bheadh de dhíth ar na hoibreoirí eacnamaíocha agus ar na húdaráis dul in oiriúint dóibh.

Maidir le **ceanglais feidhmíochta agus marthanachta do cheallraí tionsclaíocha agus ceallraí feithiclí leictreacha (Airteagal 10 agus Iarscríbhinn IV)** bhí na Ballstáit in amhras faoi raon feidhme an chur i bhfeidhm, is é sin gur eisiadh ceallraí a úsáidtear i modhanna iompair éadroma. Ina theannta sin, moladh nach dteorannófaí an gníomh tarmligthe do na critéir a bhunaítear faoi Iarscríbhinn IV ach go n-áireofaí ann an fhéidearthacht an ceanglais a athbhreithniú dá mba ghá. Shoiléirigh an Coimisiún na hidirnaisc idir na forálacha sin agus na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe maidir le marthanacht ceallraí infheithicle agus na rialacháin maidir le sábháilteachta ceallraí.

Maidir le h**inbhainteacht agus in-athsholáthraitheacht ceallraí iniompartha (Airteagal 11),** dúirt roinnt Ballstát go raibh siad buartha faoi lúba ar lár a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar chuid de na díolúintí dá bhforáiltear agus mheas siad go mbeadh sé tábhachtach an dáta a bheartaítear an treoir a ghlacadh a shocrú chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe na maoluithe a éascú.

Bhí na Ballstáit in amhras faoi raon feidhme **Airteagal 12 agus Iarscríbhinn V maidir le sábháilteacht na gcóras stórála fuinnimh i gceallraí suite** agus mhol siad na forálacha sábháilteachta a chur i bhfeidhm i gcaitheamh na gcéimeanna uile de shaolré ceallraí. Mhol na Ballstáit freisin go bhforlíonfaí na paraiméadair shábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V. D'áitigh an Coimisiún go raibh an raon feidhme bunaithe ar an measúnú tionchair agus thug sé dá aire go gcumhdaítear na paraiméadair sábháilteachta do cheallraí feithiclí leictreacha le creat reachtaíochta an Aontais um chineálcheadú feithiclí agus gur pléadh sábháilteacht bhailiú na gceallraí i gCaibidil VII. Ina theannta sin, shoiléirigh an Coimisiún go gcumhdaítear sábháilteacht ceallraí iniompartha úsáide ginearálta le Treoir 2001/95/CE maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí.

Thacaigh na Ballstáit le roinnt athruithe de chineál teicniúil a mhol an Uachtaránacht ina páipéar leathoifigiúil[8].

**Na ceanglais maidir le lipéadú agus faisnéis (Caibidil III)**

Bhí imní ann maidir le hindéantacht na spriocanna beartaithe le haghaidh theacht i bhfeidhm na n-oibleagáidí maidir le lipéadú ceallraí (Airteagal 13 agus Iarscríbhinn VI), i bhfianaise na tréimhse ama giorra a fhoráiltear chun reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh. Bhí amhras ar roinnt Ballstát faoi ábharthacht na faisnéise atá le cur san áireamh i bhfianaise an ualaigh riaracháin ghaolmhar, agus ag an am céanna bhí Ballstáit eile a mhol faisnéis bhreise a chur isteach amhail meáchan agus comhdhéanamh ceimiceach na gceallraí. Thairg an Coimisiún doiciméad comparáideach a thíolacadh ina leagfar amach na forálacha éagsúla maidir le faisnéis ba cheart a bheith ar lipéid, cóid QR agus pasanna digiteacha na gceallraí. Dhearbhaigh an Coimisiún gur earráid a bhí ann gan tagairt do mhearcair a bheith in Airteagal 13(4), rud a réiteofar le ceartúchán. Maidir leis an **bhfaisnéis faoi staid na sláinte agus faoi shaolré ionchasach na gceallraí (Airteagal 14 agus Iarscríbhinn VII)** d'iarr Ballstát amháin raon feidhme an Airteagail a leathnú chuig ceallraí táirgí leictreonacha. Ba é an bonn cirt a thug an Coimisiún gan ach ceallraí tionsclaíocha agus ceallraí feithiclí leictreacha a áireamh gur ceallraí iad sin a d'fhéadfadh an dara saolré a bheith acu, agus dar fianaise ábhartha an staid sláinte.

[8] 4964/2021

**Comhréireacht ceallraí agus fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta (Caibidlí IV agus V)**

Chuir roinnt Ballstát forchoimeádais ghrinnscrúdaithe i láthair i ndáil le Caibidil IV maidir le Comhréireacht ceallraí (Airteagail 15 go 20 agus Iarscríbhinní VIII agus IX) agus i ndáil le Caibidil V maidir le Fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta (Airteagail 21 go 37) ag tabhairt dá n-aire go raibh comhairliúcháin inmheánacha fós ar siúl. D'áitigh roinnt Ballstát nach ceart an sásra dá bhforáiltear faoi na sonraíochtaí coiteanna (Airteagal 16) a úsáid ach mar rogha chúltaca, i gcásanna eisceachtúla nó mórmhoille, agus chuir siad in iúl gurbh fhearr leo caighdeáin chomhchuibhithe a ghlacadh. Dhaingnigh an Coimisiún gurb é a rún gan dul i muinín an nós imeachta ach i gcásanna eisceachtúla, nuair a d'fhéadfadh an easpa caighdeán cur chun feidhme an Rialacháin a chur i mbaol, nó ar bhonn sealadach. Maidir le Caibidil V, chuir an Coimisiún chun suntais a thábhachtaí atá na forálacha lena dtreiseofar neamhspleáchas na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta, go háirithe maidir leis na ceanglais a fhíoraíonn eintitis sheachtracha, amhail an lorg carbóin, ábhar athchúrsáilte agus dícheall cuí an tslabhra soláthair.

**Oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha cé is moite de na hoibleagáidí i gCaibidil VII (Caibidil VI)**

Chuir na Ballstáit roinnt ceisteanna de chineál teicniúil. Díríodh go príomha sa phlé ar Oibleagáidí na n-ionadaithe údaraithe (Airteagal 40) agus mheas na Ballstáit go bhfuil sé den tábhacht an sainmhíniú ar ionadaithe údaraithe a dhealú ón sainmhíniú a úsáidtear sa Treoir maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach. Thug an Coimisiún dá aire nár sannadh aon inniúlacht do na hionadaithe údaraithe faoi Chaibidil VII.

Tugtar aghaidh ar Airteagal 39 thíos faoi na forálacha maidir le dícheall cuí.

**Ceallra i ndeireadh a ré a bhainistiú (Caibidil VII)**

Chuir na Ballstáit i dtreis a bhunthábhachtaí atá an Chaibidil seo. Is iad na príomhábhair imní na naisc leis an reachtaíocht dramhaíola atá ann cheana, is é sin an Treoir Réime Dramhaíola, agus an gá le solúbthacht i ndáil le scéimeanna freagrachta a cuireadh chun feidhme go náisiúnta cheana féin agus a fheidhmíonn go maith. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl faoi leibhéal uaillmhéine na spriocanna agus na spriocdhátaí chun ceallraí iniompartha dramhaíola a bhailiú. Ar an iomlán, bhí amhras ar roinnt Ballstát faoi cheallraí modhanna iompair éadroma a eisiamh ó na spriocanna bailiúcháin. Iarradh soiléiriú breise ar na forálacha maidir le hathrú cuspóra agus athmhonarú ceallraí. Ina theannta sin, sholáthraigh na Ballstáit tuilleadh aiseolais i dtaca le roinnt ceisteanna de chineál teicniúil a sainaithníodh sa pháipéar leathoifigiúil ón Uachtaránacht.

Maidir le **Freagracht Leathnaithe Táirgeora (Airteagal 47)** bhí amhras ar na Ballstáit gur gá bearta sonracha a bhunú de bhreis ar na ceanglais a shainítear faoi Airteagal 8 agus Airteagal 8a den Treoir Réime Dramhaíola. Mheas siad go raibh cur chuige an Rialacháin ró-shaintreorach, agus d'iarr siad solúbthacht do shainiúlachtaí na scéimeanna éagsúla atá ar obair cheana féin ar an leibhéal náisiúnta agus atá ag feidhmiú go maith. Measadh freisin go raibh sé in aghaidh chuspóir na Treorach Réime Dramhaíola scéimeanna Freagartha Leathnaithe Táirgeora a chomhchuibhiú ar fud na sruthanna dramhaíola éagsúla. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur spéis leo forálacha a chur sa rialachán a chomhlánódh an Treoir Réime Dramhaíola. Moladh freisin féachaint an bhféadfaí, leis an Rialachán seo, íoscheanglais a bhunú agus an fhéidearthacht a sholáthar do na Ballstáit forálacha comhlántacha a leagan síos. Luadh na hábhair imní chéanna maidir le **Clár na dTáirgeoirí (Airteagal 46)** agus chuir na Ballstáit i dtábhacht nach mór freastal ar na córais chlárúcháin, ag a bhfuil sainiúlachtaí dá gcuid féin, atá i bhfeidhm go náisiúnta cheana féin. Chuir an Coimisiún i dtreis a thábhachtaí atá sé rialacha comhchoiteanna a leagan síos i ngach Ballstát chun ciorclaíocht ceallraí a chur chun cinn.

Maidir le **ceallraí iniompartha dramhaíola a bhailiú (Airteagail 48 agus 55, agus Iarscríbhinn XI)** cuireadh tuairimí éagsúla in iúl ós rud é gur mheas roinnt Ballstát go bhfuil na spriocdhátaí ró-uaillmhianach, gur thacaigh roinnt eile leis an togra ón gCoimisiún agus go ndúirt roinnt eile arís go bhféadfaidís a bheith solúbtha a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an spriocdháta idirmheánach. D'aithin an Coimisiún cineál uaillmhianach na spriocanna beartaithe, ach mheas sé go bhféadfaí iad a bhaint amach bunaithe ar an taithí agus ar na luachanna a tuairiscíodh cheana féin i roinnt Ballstát. Bhí amhras ar roinnt Ballstát faoin modheolaíocht ríomha le haghaidh rátaí bailiúcháin bunaithe ar cheallraí atá ar fáil ar an margadh, agus dúirt siad go raibh siad i bhfách le modheolaíocht bunaithe ar cheallraí atá ar fáil le haghaidh bailiú, chun saolré síor-mhéadaitheach na gceallraí iniompartha a chur san áireamh. Mheas roinnt Ballstát freisin go raibh fadhbanna dúblála do tháirgeoirí agus do Bhallstáit maidir leis na hoibleagáidí orthu araon ceallraí dramhaíola a bhailiú a chomhlíonadh agus chuir siad chun suntais a thábhachtaí atá sé go leagfaí amach ar bhealach soiléir an fhreagracht as na spriocanna sin a bhaint amach ós rud é gur Rialachán an ionstraim dlí. Moladh Airteagal 55 a scriosadh de thairbhe gur measadh gur cheart táirgeoirí a bheith freagrach as na spriocanna sin a bhaint amach. Bhí an Coimisiún in éadan an scriosta sin cionn is gur mheas sé an oibleagáid ar na Ballstáit in-fhorfheidhmitheacht na spriocanna bailiúcháin a áirithiú a bheith riachtanach.

Bhí roinnt Ballstát in éadan ceallraí dramhaíola modhanna iompair éadroma a eisiamh ó na rátaí bailiúcháin. D'athdhearbhaigh an Coimisiún go bhfuil staidéar JRC ar an ábhar le tabhairt chun críche le linn an phróisis reachtaigh, ar staidéar é a d'fhéadfadh a bheith ina bhunús chun tuilleadh machnaimh a dhéanamh d'fhonn sprioc bailiúcháin a shocrú do na ceallraí sin.

Maidir le **bailiú na gceallraí dramhaíola gluaisteán, na gceallraí dramhaíola tionsclaíocha agus na gceallraí dramhaíola feithiclí leictreacha (Airteagal 49)**, d'iarr roinnt Ballstát go gcuirfí sprioc bhailithe shainráite isteach, nó an bhféadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le sprioc bhailithe a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta. Mheas an Coimisiún nach bhféadfadh sprioc shainráite le haghaidh na gcineálacha sin ceallraí a bheith faoi bhun 100 %.

Tugadh aiseolas i ndáil le roinnt saincheisteanna de chineál teicniúil i gcomhair soiléiriú maidir leis na h**oibleagáidí dáileoirí (Airteagal 50), na hoibleagáidí úsáideoirí deiridh (Airteagal 51), na hoibleagáidí saoráidí cóireála (Airteagal 52), rannpháirtíocht na n- údarás bainistithe dramhaíola poiblí (Airteagal 53) agus rannpháirtíocht pointí bailithe deonacha (Airteagal 54).** Mheas roinnt Ballstát nár cheart ceallraí bailithe a thabhairt ar láimh do tháirgeoirí nó do na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ach chun inbhuaine scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a áirithiú. Ar an láimh eile, chuir an Coimisiún chun suntais an tábhacht a bhaineann leis an margadh athchúrsála a oscailt d'oibreoirí nua, chun rannchuidiú le bailiú na gceallraí a mhéadú. Chuir na Ballstáit chun suntais freisin an deacracht a bhaineann leis an oibleagáid i leith scaradh ceallraí dramhaíola a fhorfheidhmiú ar thomhaltóirí.

Maidir le **Cóireáil agus athchúrsáil (Airteagal 56 agus Iarscríbhinn XII),** thíolaic na Ballstáit roinnt tograí mar chomhlánú ar Chuid A d'Iarscríbhinn XII maidir le réamhchúraimí sonracha agus bearta sábháilteachta chun ceallraí dramhaíola litiam-bhunaithe a stóráil agus a chóireáil le linn na láimhseála, na sórtála agus na stórála.

Le linn do na Ballstáit **Éifeachtúlachtaí athchúrsála agus spriocanna maidir le haisghabháil ábhar (Airteagal 57 agus Iarscríbhinn XII)** a phlé, chuir siad chun suntais na naisc leis na forálacha maidir le hathrú cuspóra agus athmhonaraíocht agus mheas siad gur gá sainmhíniú soiléir a bheith ann i dtaca le cathain a mheastar go dtéann ceallra faoi phróiseas athchúrsála. Rinne roinnt Ballstát socrú na spriocanna atá déanta cheana féin a chonspóid ós rud é nach ndéanfar a modheolaíocht ríofa a shainiú go dtí níos déanaí agus moladh go n-áireofaí sa Rialachán na prionsabail ar cheart dóibh an mhodheolaíocht a threorú. Ina theannta sin, mheas na Ballstáit gur cheart na spriocanna athchúrsála do 2025 a bheith ag brath ar ghníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir lena ríomh faoin sprioc-am atá beartaithe. Moladh freisin diúscairt ceallraí áirithe nár cheart a athchúrsáil (e.g. ceallraí ina bhfuil mearcair) a cheadú.

Chuir na Ballstáit in iúl gur gá na forálacha maidir le **Loingsiú na gceallraí dramhaíola (Airteagal 58)** a mheas i bhfianaise an athbhreithnithe a bhfuiltear ag súil leis ar an Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola. Moladh tagairt a chur isteach do cheallraí arna n-onnmhairiú le haghaidh athrú cuspóra agus athmhonaraíochta.

Measadh go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le **Ceanglais a bhaineann le hathrú cuspóra agus athmhonaraíocht ceallraí tionsclaíocha agus ceallraí feithiclí leictreacha (Airteagal 59 agus Iarscríbhinn VII)**. D'áitigh na Ballstáit gur gá soiléiriú a dhéanamh ar chineál na n-oibríochtaí sin, ar na nósanna imeachta clárúcháin nó ceadúnais ar cheart d'oibreoirí a leanúint, ar thráth chur i bhfeidhm an stádais maidir le hábhair nach dramhaíl a thuilleadh iad, agus d'iarr siad go dtabharfaí sainmhíniú ar 'athmhonaraíocht'. Chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad leis an gcreat a cuireadh ar aghaidh sa togra, amhail a éileamh go gcomhlíonfadh ceallraí a ndearnadh athrú cuspóra orthu agus ceallraí athmhonaraíochta na ceanglais go léir is infheidhme agus thug siad dá n-aire gur bunriachtanach go sannfaí go soiléir an fhreagracht leathnaithe táirgeora le haghaidh ceallraí atá faoi réir na n-oibríochtaí sin. Meastar go bpléifidh an Mheitheal um an gComhshaol an t-ábhar a thuilleadh agus páipéar leathoifigiúil atá le hullmhú ag an gCoimisiún mar bhonn aici don phlé sin.

Mheas na Ballstáit gur cheart feachtais múscailte feasachta i measc na n-úsáideoirí deiridh a dhéanamh éigeantach faoi raon feidhme **Faisnéis maidir le deireadh ré (Airteagal 60).** Chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh imní orthu maidir leis an 'táille infheicthe' lena dtaispeántar na costais arna n- íoc ag an táirgeoir ar leithligh don úsáideoir deiridh ag díolphointe ceallra nua agus mhol siad an fhoráil sin a scriosadh.

Maidir le **Tuairisciú do na húdaráis inniúla (Airteagal 61)** agus **Tuairisciú chuig an gCoimisiún (Airteagal 62)**, chuir na Ballstáit a lán ceisteanna, eadhon faoi indéantacht agus freagracht an tuairiscithe ar cheallraí inaistrithe a d'imigh as críoch Bhallstáit an bhliain ina dhiaidh sin agus comhroinnt faisnéise maidir le hoibríochtaí bainistithe dramhaíola a bhíonn ar siúl i mBallstát eile. Cuireadh ceisteanna go háirithe i ndáil le hinfheidhmeacht na hoibleagáide ar na Ballstáit tuairisciú ar éifeachtúlachtaí athchúrsála agus aisghabháil ábhar ó cheallraí arna mbailiú ina gcríoch do Bhallstáit nach bhfuil suiteálacha athchúrsála ceallraí acu. Shoiléirigh an Coimisiún go bhfuil sin ag cloí leis na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann faoi láthair (Cinneadh 2008/763/CE) ach d'aithin sé gurb ábhar casta é agus go bhféadfadh gá a bheith ann na forálacha a atreisiú chun a ráthú gur féidir leis na húdaráis inniúla a áirithiú go gcomhlíonfaidh an chéad oibreoir saoráidí athchúrsála an oibleagáid. Cuireadh imní in iúl freisin maidir leis na sprioc-amanna chun oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.

Ar deireadh, maidir le **Caibidil VII a chur i bhfeidhm (Airteagal 63)** d'iarr roinnt Ballstát go gcuirfí siar dáta chur i bhfeidhm Chaibidil VII. Cuireann an Coimisiún i dtreis na himpleachtaí a bheadh ag an gcur siar sin ar roinnt mhaith forálacha den Rialachán.

Chomh maith leis na saincheisteanna thuasluaite, thacaigh na Ballstáit le roinnt athruithe de chineál teicniúil a mhol an Uachtaránacht ina páipéar leathoifigiúil[9].

**Malartú leictreonach faisnéise (Caibidil VIII)**

Ar an iomlán, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an chaibidil. Bhí freagairtí na mBallstát dírithe den chuid is mó ar iarrataí ar shoiléiriú maidir leis an ngaol idir an **Córas leictreonach malairte (Airteagal 64 agus Iarscríbhinn XIII agus an Pas Ceallra (Airteagal 65)** i dtaca le hoibleagáidí eile tuairiscithe agus faisnéise a leagtar amach i gCaibidlí III agus VII. Shoiléirigh an Coimisiún cé go dtagróidh an córas leictreonach malairte don tsamhail cheallra, is é a bheidh sa phas ceallra clár go sonrach do gach ceallra, ina mbeidh sraith d'fhaisnéis dhinimiciúil de bhreis ar an gclár dá bhforáiltear faoi Iarscríbhinn XIII. Roinnfidh an Coimisiún faisnéis bhreise faoin idirghníomhú idir na forálacha éagsúla. Bhain na húdair imní eile le rochtain ar an bhfaisnéis arna bailiú (go háirithe ag eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí agus oibreoirí i mbun gníomhaíochtaí deisithe, athraithe cuspóra nó athmhonaraíochta agus ag ceannaitheoirí féideartha) chomh maith le haistriú freagrachta as an bpas ag brath ar athrú stádais an cheallra.

**Faireachas margaidh an Aontais, rialú ceallraí a théann isteach i margadh an Aontais agus nósanna imeachta coimirce an Aontais (Caibidil IX) agus Leasuithe (Caibidil XII)**

Chuir roinnt Ballstát forchoimeádais ghrinnscrúdaithe i láthair maidir leis na caibidlí. Ba bheag idirghabháil a tháinig ó na Ballstáit agus b'iarrataí ar shoiléiriú agus tograí an-dírithe a bhí iontu. Chuir an Coimisiún chun suntais ailíniú na bhforálacha leis an gcreat reachtach 'nua' le haghaidh táirgí (NLF). Bheadh gá an chaibidil a bhreithniú a thuilleadh chun measúnú a dhéanamh ar údair imní a d'fhéadfadh a bheith ann.

**Soláthar poiblí glas (Airteagal 70)**

Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit i gcoitinne gur cuireadh na forálacha maidir le soláthar poiblí glas isteach sa Rialachán. Cuireadh ceisteanna, áfach, maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí dá bhforáiltear faoin Airteagal roimh ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe lena mbunaítear critéir nó spriocanna éigeantacha íosta maidir le soláthar poiblí glas. Thug COM dá aire go bhféadfadh na Ballstáit na ceanglais a leagtar amach faoi Airteagail 7 go 10 a leanúint.

[9] 5372/2021

**Dícheall cuí sa slabhra soláthair (Airteagal 39, Airteagal 72 agus Iarscríbhinn X)**

D'aithin na Ballstáit tábhacht an ábhair, ach cheistigh siad na naisc leis an togra reachtach atá ar na bacáin maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus dícheall cuí. Chuir na Ballstáit in iúl freisin gur údar imní dóibh an t-ualach riaracháin a ghabhann leis sin, go háirithe do FBManna, agus maidir le hin-fhorfheidhmitheacht agus fíorú na slabhraí luacha i dtríú tíortha. D'aithin an Coimisiún na nósanna imeachta riaracháin a bhfuil gá leo le haghaidh fíoraithe ach thug sé dá aire go rabhthas ag súil, de réir an mheasúnaithe tionchair, nach ndíreofaí ach ar chuideachtaí móra leis na forálacha. Chuir sé i dtreis freisin an tagairt in aithris 70 don oiriúnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán i bhfianaise leasuithe reachtacha a dhéanfar sa todhchaí.

Sa phlé faoi Airteagal 4 i ndáil le Ceanglais maidir le hinbhuaine, sábháilteacht, lipéadú agus faisnéis, shoiléirigh an Coimisiún nár cuireadh na forálacha maidir le dícheall cuí san áireamh faoin Airteagal seo ós rud é nach ceanglais táirgí amháin iad, ach oibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha.

**Cumhachtaí tarmligthe agus nós imeachta coiste (Caibidil XI)**

Pléadh na gníomhartha tarmligthe dá bhforáiltear faoi Airteagal 73 agus anailís á déanamh ar na hAirteagail ábhartha. Chuir na Ballstáit forchoimeádais in iúl maidir le roinnt gníomhartha tarmligthe, go sonrach i gcomhthéacs Chaibidil II, agus i gcásanna áirithe mhol an Uachtaránacht go ndéanfaí athbhreithniú ar tharmligean na gcumhachtaí. Ar an iomlán, chuir na Ballstáit in iúl go raibh siad an-bhuartha faoi na sprioc-amanna a moladh i dtaca le roinnt gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh chomh maith le teacht i bhfeidhm na bhforálacha gaolmhara.

**Forálacha críochnaitheacha (Caibidil XIII)**

Ceistíonn na Ballstáit an t-idirghníomhú idir aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha sa Treoir maidir le Ceallraí atá ann faoi láthair, na ceanglais freagrachta leathnaithe táirgeora a leagtar síos faoin Treoir Réime Dramhaíola agus an togra le haghaidh Rialacháin.

Measadh nach raibh dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin (Eanáir 2022) réalaíoch, go háirithe i bhfianaise chastacht na caibidlíochta maidir leis an Rialachán, agus d'iarr na Ballstáit é a chur siar.

## IV. CONCLÚID

Faoin bpleanáil atá ar siúl ag Uachtaránacht na Portaingéile faoi láthair, beidh 21 fhíschomhdháil neamhfhoirmiúil tiomnaithe ag an Meitheal um an gComhshaol don Rialachán maidir le Ceallraí faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

Measann an Uachtaránacht go bhfuil soiléiriú tugtha a bhuí leis an anailís chríochnúil ar an togra maidir lena mhéid a gcumhdaítear ann agus gur féidir na príomh-shaincheisteanna is ábhar imní do na Ballstáit a shainaithint, rud lena gcumasófar an obair a bheidh ag teastáil sa todhchaí chun cur chuige ginearálta a ghlacadh a bheidh le sruthlíniú.

Bunaithe ar an bplé a rinneadh go dtí seo, gan dochar don obair bhreise is gá a dhéanamh ar na saincheisteanna a dtugtar tuairisc orthu faoi roinn III, sainaithníonn an Uachtaránacht na príomh-shaincheisteanna seo a leanas a bhfuil tuilleadh oibre ag teastáil ina leith, ó thaobh na polaitíochta agus an dlí de:

- An bunús dlí
- An cur chuige atá le leanúint maidir le ceallraí ó mhodhanna éadroma iompair
- An nós imeachta chun na srianta maidir le substaintí guaiseacha a leasú
- Na sprioc-amanna a mholtar do na ceanglais maidir le hinbhuaine agus sábháilteacht, a bhaineann leis an méid ollmhór oibre is gá i ndáil le reachtaíocht thánaisteach
- An gaol leis an reachtaíocht maidir le dramhaíl atá ann cheana agus an leibhéal solúbthachta do na Ballstáit i dtaca le freagracht leathnaithe táirgeora as ceallraí
- Leibhéal uaillmhéine na spriocanna bailithe
- Forálacha maidir le dícheall cuí i bhfianaise an togra reachtaigh atá ar na bacáin maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe agus dícheall cuí

Tá Uachtaránacht na Portaingéile tiomanta d'obair i ndlúthchomhar le hUachtaránacht nua na Slóivéine chun leanúint an phlé sa Mheitheal um an gComhshaol a éascú agus chun dul chun cinn rianúil ar an gcomhad sa Chomhairle a áirithiú. Chuige sin, tá rún ag an Uachtaránacht oibriú i dtreo togra comhréitigh maidir le Caibidil II agus Caibidil VII faoi dheireadh an tseimeastair.

Tá an Uachtaránacht fíorbhuíoch den Choimisiún as an gcomhar sármhaith idir é féin agus an Mheitheal um an gComhshaol agus as na míniúcháin mhionsonraithe agus na páipéir leathoifigiúla a cuireadh ar fáil, agus tá sí fíorbhuíoch de na Ballstáit as a dtiomantas agus as a rannchuidiú luachmhar le linn na gcruinnithe seachtainiúla agus as na barúlacha cuimsitheacha breise i scríbhinn a tíolacadh.

Iarrtar ar COREPER an tuarascáil seo ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, d'fhonn í a chur faoi bhráid na Comhairle Comhshaoil ag an gcruinniú a bheidh aici an 10 Meitheamh 2021.